Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

A Shealbhóir Tí,

Tá tú chun **Araid Dhonn 140 líotar** a fháil inniu do **dhramhbhia** (feoil agus éisc chócaráilte agus amh, glasraí agus scamhadh torthaí, rís, pasta, arán agus málaí tae san áireamh) agus **dramhaíl ghairdín** (ar nós fhéir, fiaile agus bearradh fáil).

Féadann úsaid d'Araide Doinne méid na dramhaíola i d'Araid Dhubh a lagdhú **25-30%.**

- Féach an féilire iniata chun sonraí maidir le bailiú na **n'Araidí Donna agus Dubha** do na míonna atá le teacht a fháil. Féadann tú é a íoslódáil chomh maith ó **www.sdcc.ie.**
- Nuair a thosaíonn bailiú na nAraidí Donna, bogfar bailiú na nAraidí Dubha go gach coicís; beidh bailiú Araidí Dubha ann seachtain amháin, agus bailiúchán Araidí Dubha ann an tseachtain ina dhiaidh, agus mar sin de. Gheobhaidh tú Féilire a shonraíonn go soiléir na laethanta bailaithe do d'Araid nua.
- Beidh bailiú na nAraidí Donna (140 líotar) ar leath chostais (50%) de bhailiú na nAraidí Dubha (240 litre) Mór
- Cuirfear sealbhóirí tí a bhfuil tarscaoileadh acu sa sochair sa ghnáthchúrsa le líon bailaithe bruscair ráithiúil, roinnte idir Araidí Dubha is Donna.
- Ar chúiseanna sláinteachais, iarraimid go gcuirfeadh tú an Araid Dhonn amach le haghaidh bailithe gach coicís. Ba chóir go gcuirfí páipéar nuachtáin timpeall ar dhramhbhia agus ná cuirfear málaí plaisteacha isteach san Araid Dhonn.
- De réir Fodhlíthe um Dramhaíl Chontae Átha Cliath Theas caithfidh sealbhóirí tí glacadh le hAraid Dhonn nuair a déantar í a thaisicint.

Céard is féidir liom a chur isteach i **m'Araid Dhonn**

TÁ — Dramhaíl Atá Ceadaithe a chur isteach i d'Araid Dhonn

- Torthaí & glasraí & a scamhadh
- Feoil, iasc, éinfheoil & cnámha cócaráilte & neamh-chócaráilte
- Málaí tae, caife meilte & scagairí caife páipéir
- Naipcíní páipéir, tuáillí páipéir & cairtchlár éadrom atá smolta ó bhia ar nós bhoscaí pizza
- Aráin, cácaí & brioscaí
- Seanbhláthanna & plandaí/marbha
- Blaoscanna uibhe, uibheacha, táirgí déiríochta ar nós íogairte, cáise, uachtair(gan pacáistiú plaisteach)
- Gearthóga féir, duilleoga & fiailí
- Pasta & rís - cócaráilte & neamh-chócaráilte

NÍL — Dramhaíl Nach Bhfuil Ceadaithe a chur isteach i d'Araid Dhonn

- ✗ Plaistigh d'aon chineál
- ✗ Miotal d'aon chineál
- ✗ Gloine nó gréithe
- ✗ Scragall stáin, cumhdaigh mhilseáin nó brioscáin
- ✗ Cartáin bhainne nó sú
- ✗ Cadhnairí, olaí, soilse, earraí leictreacha, troscán, bróga nó éadaí
- ✗ Clúidíní
- ✗ Lúithrigh, gual, carraigeacha, gairbhéal, clocha, cré agus cearchaillí
- ✗ Fiailnimh
- ✗ Páipéar snasta nó irisleabhair
- ✗ Easair mhadra nó chait

Chun tuilleadh eolais a fháil
Íosghlao: **1890 253 149**
Luan go hAoine 9am-5pm
R-phost: brownbins@sdublincoco.ie
Téigh chuig: www.sdcc.ie

Déan cinnte, le do thoil, d'araid a shuí, taobh an hanla ag féachaint amach, ar imeall an cholbha

Do cheisteanna freagartha....

Conas a úsáidim m'Araid Dhonn?

- Is do dhramhaíl orgánach amháin (cistine & ghairdín) í d'Araid Dhonn mar a sonraíodh ar leathanach 1.
- Clúdaigh dramhbhia le páipéar nuachta nó mála páipéir le do thoil chun aon leacht a ionsú agus chun bolaithe a laghdú.
- Ná cuir málaí plaisteacha isteach san Araid Dhonn.
- Ar chúiseanna sláinteachais molaimid duit d'Araid Dhonn a chur amach chun bailithe gach coicís.
- Déan cinnte, le do thoil, d'Araid Dhonn a shuí, taobh an hanla ag féachaint amach, ar imeall an cholbha.

Caithin a bhailítear m'Araid Dhonn?

Baileofar an Araid Dhonn gach coicís (2 sheachtain) agus déanfaidh d'fhéilire bailithe an dáta tosaithe a shonrú.

An athróidh bailiú na nAraidí Dubha?

- Nuair a thosaíonn bailiú na nAraidí Donna bogfar bailiú na nAraidí Dubha go gach coicís (gach 2 seachtainí), sonraíonn d'fhéilire nua an uair go ndéanfar d'Araidí Dubha agus Donna a bhailiú.

Seachtain 1	Araid Dhonn
Seachtain 2	Araid Dhubh
Seachtain 3	Araid Dhonn
Seachtain 4	Araid Dhubh

- Leanfaidh bailiú d'Araide Glaise leis mar a bhí.

Conas a íocaim as m'Araid Dhonn?

- Íocfar as an Araid Dhonn tríd an chárta táillí dramhaíola, ar an mbealach céanna ina níocann tú as d'Araid Dhubh
- Beidh sé riachtanach dóthain creidmheasa a bheith agat ar do chárta táillí dramhíola chun costais bhailithe na hAraide Doinne a chlúdach
  - féadann tú do chárta táillí dramhaíola a líonadh sna slite seo a leanas:
  - Ar líne ag www.southdublin.ie
  - Thar an gcuntar ag Oifigí Poist nó ag aon cheann de na hasraonta Payzone nó PostPoint náisiúnta

Céard má tá tarscaoileadh agam?

- Má tá tarscaoileadh agat cuirfear do chreidmheasanna dramhaíola araide chun sochair go díreach le líon bailuithe araide ar bhonn ráthúil, ach déanfar iad a leithdháileadh idir d'Araid Dhubh agus Dhonn (i.e. trí Araidí Dubha agus trí Araidí Donna) ón 1ú Lúnasa 2010. .

An bhfuil táille ann le hAraid Dhonn a úsáid?

- Tá. Beidh costas bailithe d'Araide Doinne ar leathchostas.(50%) d'Araide Móire Duibhe (240 líotar).
- Aistreofar 30% breise dramhíola ó d'Araid Dhubh go dtí d'Araid Dhonn agus ní bheidh ort d'Araid Dhubh a chur amach chomh minic céanna i rith na bliana. Ba chóir go sábháilfeadh tú airgead dá bharr.
- Fanfaidh an Araid Ghlas, Bainc "Fág Anseo" agus Conláistí Cathartha saor ó chostas do phacáistiú in-athchúrsáilte.

Cén fáth a bhfuil orm Araid Dhonn a fháil?

Sonraíonn Dlí na hEorpa (Treoir maidir le Líonadh Talún) gur gá dúinn líon na dramhaíola in-bhithmhillte a théann isteach go líonta talún a laghdú 65% ar a laghad. I láthair na huaire, tá thart ar 60% den dhramhaíl a thagann ó thithe cónaithe comhdhéanta d'ábhair atá in-athchúrsáilte nó atáthar in ann múirín a dhéanamh as. I láthair na huaire bailítear ábhair in-athchúrsáilte i d'Araid Ghlas agus b'fhéidir go dtógann tú to chuid gloine chuig Banc "Fág Anseo" agus Conláiste Cathartha, fad is atá an chuid eile den dhramhaíl á chur isteach san Araid Dhubh agus ar aghaidh chuig an líonadh talún. Anois is féidir leat argead a shábhail agus cabhrú leis an gcomhshaol trí do dhramhaíl orgánach (bia & gairdín) - 25-30% de do dhramhaíl iomlán – a chur isteach san Araid Dhonn ar son bhailithe gach coicís.

Caithfimid an méid is mó múirín agus is féidir a athchúrsáil chun bainistiú agus cosaint níos fearr a thabhairt don chomhshaol ó thruailliú. Téann gach ní ar a déantar diúscairt i d'Araid Dhubh chuig líonadh talún agus imíonn sé ó úsáid. Má scagtar dramhaíl chistine agus ghairdín in Araid Dhonn ar son bhailithe is féidir an dramhaíl a úsáid mar mhúirín don tírdhreachadh.

Céard má tá araid múirín agam cheana féin?

- Má tá Múiríneoir Gairdín agat, tá tú ag lagdhdú do dharmhaíl tí cheana féin agus ag cabhrú leis an gcomhshaol. An rud is tábhachtaí ná múirín a dhéanamh as do dhramhaíl orgánach (bia agus gáirdín); cuireann an Araid Dhonn ar do chumas múirín a dhéanamh as earraí eile nach féidir a chur isteach i múiríneoir garidín – ar nós táirgí déiríochta, chomh maith le feoil agus éisc amh agus cócaráilte. .
- De réir Fodhlíthe um Dhramhaíl Chontae Átha Cliath Theas caithfidh sealbhóirí tí glacadh le hAraid Dhonn nuair a déantar í a thaisicint.

STOP FoodWaste.ie

Chun tuilleadh eolais a fháil íosghlao: 1890 253 149
Luan go hAoine 9am-5pm
R-phost: brownbins@sdublincoco.ie
Téigh chuig: www.sdcc.ie

Printed on Recycled Paper